# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2024

# Scéim Mharcála

# GaeilgeT2

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta.**

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a iarraidh air/uirthi a fhreagairt?

**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, mar shampla ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta, srl?

**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?

**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc, agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar fhreagra scríofa, mar shampla ailt, camóga in úsáid, srl?

**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir is atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann? An bhfuil botúin ghramadaí ann? Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga? Srl.

**Sainréim teanga**: - An iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / tuin / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.

**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú? Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú? Srl.

**Litriú agus poncaíocht**: - Cé chomh cruinn is atá litriú agus poncaíocht an iarrthóra?

Ó am go chéile is féidir le hiarrthóirí roinnt bheag botún litrithe agus/nó poncaíochta a dhéanamh agus gan pionós ar bith a ghearradh orthu. Is cóir do scrúdaitheoirí caighdeán an stóir focal a úsáideann an t-iarrthóir a chur san áireamh. Ní dhéantar aon mheasúnú ar litriú ná ar phoncaíocht i gceisteanna ilrogha. Anuas air sin, ní ghearrtar aon phionós mar gheall ar dhroch-Ghaeilge ar scripteanna a bhfuil an scéim mharcála mhodhnaithe le cur i bhfeidhm orthu.

| Leibhéal na bhFreagraí | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Ard** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas leanúnach ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis<br>• Smaointe léirithe atá úrnua, léirsteanach, ard-mhachnamhach, a thaispeánann cumas agus cruthaitheacht nuair is gá<br>• Forbairt chumasach ar smaointe, agus úsáidfear ábhar tacaíochta go minic agus go cruinn<br>• An t-eolas eagraithe go han-éifeachtach agus struchtúr ciallmhar soiléir air<br>• Sainréim teanga atá ábhartha don tasc in úsáid go leanúnach agus an-tuiscint léirithe tríd síos<br>• Teanga shaibhir curtha in iúl ar bhealach an-éifeachtúil agus líofa a léireoidh úsáid sciliúil, uaillmhianach teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán an-ard<br>• Saibhreas teanga le stór focal fairsing a léireoidh an-tuiscint ar an gceist. |
| **Meán** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas ó am go chéile ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis ach beidh an fócas imithe ar strae uaireanta freisin<br>• Smaointe atá oiriúnach don tasc, machnamhach go maith agus cumas le sonrú<br>• Roinnt forbartha déanta ar smaointe agus úsáidfear ábhar tacaíochta anois agus arís<br>• Ord, eagar agus struchtúr réasúnta ann, mar shampla ailt, srl. – ach ní tríd síos<br>• Teanga atá ábhartha don tasc in úsáid – ach ní tríd síos<br>• Teanga mhaith in úsáid agus tuiscint mhaith curtha in iúl ar bhealach réasúnta soiléir agus ábalta, a léireoidh úsáid chiallmhar teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán maith – ach gan a bheith saor ó locht<br>• Stór focal dóthanach a léiríonn tuiscint mhaith ar an gceist. |
| **Íseal** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Streachailt le freagra a thabhairt ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis, beidh go leor botún ann, beidh an freagra ag brath ar achoimre, ní léireofar tuiscint<br>• Smaointe loma nach bhfuil soiléir, eolas nach mbaineann leis an tasc, beagán machnaimh déanta agus tuiscint lag léirithe<br>• Fíor-bheagán forbartha déanta ar smaointe agus ní úsáidfear ábhar tacaíochta go cruinn, go minic ná ar chor ar bith<br>• Easpa tuisceana ar eagar agus ar struchtúr na teanga, is minic go mbeidh an obair míshlachtmhar, mí-eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste in úsáid, easpa feasachta ar chomhréir agus ar phatrúin na teanga, easnaimh bhunúsacha tríd síos<br>• Teanga theoranta curtha in iúl ar bhealach doiléir<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán íseal – go leor lochtanna tríd síos<br>• Stór focal teoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnacha. |

# Grádú Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

| Grád | Raon % | Raon Marcanna |
|---|---|---|
| Gradam | ≥90 go <100 | 243 go 270 |
| Ard-Tuillteanas | ≥75 go <90 | 203 go 242 |
| Tuillteanas | ≥55 go <75 | 149 go 202 |
| Gnóthaithe | ≥40 go <55 | 108 go 148 |
| Páirt-Ghnóthaithe | ≥20 go <40 | 54 go 107 |
| (Gan Ghrádú) | ≥0 go <20 | 0 go 53 |

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí / ceart / ábhartha.<br>Obair lena ngabhann fiúntas. |
| ✖ | Crosáil/X | Earráidí móra i struchtúir agus i gcomhréir na teanga.<br><br>Eolas míchruinn |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| ⌇ | Líne chorrach cheartingearach | Leathanach bán/roinn bhán feicthe ag an scrúdaitheoir |
| NR/GF | Gan freagra | Níor freagraíodh an cheist |
| 0 | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| **SMM** | Scéim mhodhnaithe Mharcála | Do iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta ceadaithe dóibh. |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 30 marc | Éisteacht | 3 cheist |
| Roinn B | 240 marc | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 7 gceist |

**Nóta don iarrthóir:**

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa leabhrán seo. Ní gá go mbainfeá úsáid as an spás ar fad atá ar fáil. Tá spás sa bhreis ar chúl an fhreagarleabhair.

**Nóta don scrúdaitheoir:**

Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

Ní mór don scrúdaitheoir siombailí anótáilte a chur ar gach leathanach agus ar gach ceist agus focheist ar na scripteanna.

Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch.19** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil socruithe réasúnta ceadaithe dóibh.

| **Roinn A** | **Cluastuiscint** | **45 marc** |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén cineál clinic atá ag Máire Ní Mhurchú?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Clinic d'ainmhithe fiáine ☐
Clinic d'ainmhithe móra ☐
Clinic d'ainmhithe beaga ☑ **= 3 mharc**

**(b)** Ainmnigh **dhá** chineál peata a thugann daoine chuig Máire sa chlinic.

**1:** *Madraí* **= 3 mharc**
**2:** *cait / hamstair / éin / coiníní* **= 3 mharc**

**(c)** Tabhair **dhá** chúis a dtugann daoine peataí chuig Máire sa chlinic.

**1:** Nuair a bhíonn siad tinn. **= 3 mharc**
**2:** *Nuair a bhíonn vacsaín le tabhairt dóibh / nuair bíonn obráidí le déanamh ar ainmhithe / má tharlaíonn timpiste dóibh.* **= 3 mharc**

**Ceist 2** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú píosa nuachta sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa nuachta **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cé atá ag caint san fhógra seo?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Gadaí | ☐ |
| Úinéir tí | ☐ |
| An Garda Síochána | √ **= 3 mharc** |

**(b)** Cén oíche a tharla an ghadaíocht?

*Oíche Dé hAoine seo caite* **= 3 mharc**

**(c)** Scríobh síos **dhá** rud a goideadh as an teach.

**1:** Airgead **= 3 mharc**
**2:** Uaireadóirí / ríomhairí / teilifíseáin **= 3 mharc**

**(d)** Luaigh rud **amháin** a mholtar a dhéanamh chun an teach a choimeád slán.

*Moltar don phobal glas a chur ar na fuinneoga / glas a chur ar na doirse / earraí luachmhara a choimeád as radharc an t-am go léir / aláram a chur ar an teach más féidir*. **= 3 mharc**

**Ceist 3** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thús deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**Mír 1**

**(a)** Cén t-am a scairt Mamaí ar Liam?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.



8.00 a.m. ☐
8.30 a.m. ☑ **= 3 mharc**
9.00 a.m. ☐

**(b)** Luaigh áit **amháin** a bhfuil pian ar Liam, dar leis féin.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Ina bholg ☑ **= 3 mharc**
Ina chos ☐
Ina lámh ☐

**(c)** Ainmnigh bia **amháin** a d'ith Liam.

*Sceallóga / uachtar reoite* **= 3 mharc**

**Mír 2**

**(d)** Luaigh rud **amháin** a ordaíonn Mamaí do Liam a dhéanamh.

*Éirí as an leaba / Cuir ort do chulaith scoile anois díreach* **= 3 mharc**

**(e)** Cad a bheidh le déanamh ag Liam nuair a rachaidh sé isteach ar scoil?


*Scrúdú Mata* **= 3 mharc**

| Roinn B | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 225 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** **(65 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

## 100 bliain i Zú Bhaile Átha Cliath




**1.** Tá os cionn céad bliain caite ag muintir Creighton ag obair mar choimeádaithe i Zú Bhaile Átha Cliath. Bhí grá agus gean ag athair an teaghlaigh, Gerry Mór Creighton, do na hainmhithe fiáine agus spreag sé a bheirt mhac, Gerry Óg agus James, lena saol a chaitheamh sa zú freisin. *Raised by the Zoo* an teideal atá ar an leabhar a scríobh Gerry Óg in 2023. Tá cur síos ann ar an 36 bliain a chaith sé ag obair leis na hainmhithe sa zú. Bhíodh Gerry Óg le feiceáil go minic ag caint faoi chaomhnú na n-ainmhithe ar an sraithchlár teilifíse *The Zoo* ar RTÉ.


**(Coimeádaithe zú agus eilifintí)**

**2.** Nuair a d'éirigh Gerry Óg as a phost sa zú, níor stad sé de bheith ag obair ar son na n-eilifintí. Tá grá mór ag Gerry Óg do na heilifintí agus téann sé ar fud an domhain anois ag múineadh do choimeádaithe zú faoin aire is fearr a oireann do na heilifintí agus faoi na saghsanna clóis ba chóir a thógáil dóibh. Deir Gerry gur ainmhithe cliste, cineálta, tuisceanacha iad na heilifintí. Déanann sé cinnte go bhfaigheann siad aire an-mhaith ionas go mbeidh siad chomh sona agus chomh sábháilte agus is féidir. Is breá leis na heilifintí cithfholcadh te a fháil go rialta, mar shampla. Bíonn aire speisialta le tabhairt dá gcuid cos agus tá sé tábhachtach urlár gainimh a choinneáil fúthu sa chlós freisin

**3.** Uaireanta bíonn aire bhreise de dhíth ar ainmhithe san ospidéal nó fiú sa bhaile leis na coimeádaithe. Tarlaíonn sé sin má éiríonn ainmhithe tinn mar shampla, nó má thréigeann an mháthair róluath iad. D'fhan an goraille Grace, sa teach le Gerry Mór Creighton ar feadh bliana nuair a bhí sí ina babaí. Ghortaigh Grace a ceann agus b'éigean í a thabhairt chuig ospidéal na bpáistí. Cé go raibh cliabhán ag Grace i seomra luí Gerry Mhóir, ba mhinic a chodail sí ar a ucht san oíche! Bhí liopard sneachta sa teach aige uair amháin freisin. Bhíodh an liopard ag súgradh le peata madra an tí. Bhí órang-útan sa teach ar feadh tamaill a chodail sa chófra te!



**4.** Ach bíonn dainséar ag baint le hobair an choimeádaí sa zú freisin. Tharla go raibh Gerry Mór ag glanadh amach chlós na leon lá amháin nuair a osclaíodh an geata de thimpiste. Isteach le Rusty, leon mór fireann, i bhfaiteadh na súl. Lig Gerry Mór scréach as i nGaeilge le Rusty agus d'imigh an leon ar ais go dtí a theach féin láithreach. Caithfidh go raibh scoth na Gaeilge ag Rusty!

**(a)** Cé mhéad bliain atá caite ag muintir Creighton i Zú Bhaile Átha Cliath? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| 10 mbliana | ☐ |
| 36 bliain | ☐ |
| Os cionn 100 bliain | ☑ **= 7 marc** |

**(b)** Tabhair pointe **amháin** eolais faoi Gerry Mór Creighton *agus* pointe **amháin** eolais faoi Gerry Óg Creighton. (Alt 1)

**Gerry Mór**: *Bhí grá agus gean ag Gerry Mór Creighton, do na hainmhithe fiáine / spreag sé a bheirt mhac, Gerry Óg agus James, lena saol a chaitheamh sa zú/ tá beirt mhac aige/ is athair é.* **= 7 marc**

**Gerry Óg**: *Scríobh sé an leabhar Raised by the Zoo / chaith sé 36 bliain ag obair leis na hainmhithe sa zú / bhíodh Gerry Óg le feiceáil go minic ag caint faoi chaomhnú na n-ainmhithe ar an sraithchlár teilifíse The Zoo ar RTÉ.* **= 7 marc**

**(c)** Níl Gerry Óg ag obair sa zú níos mó. Luaigh rud **amháin** a dhéanann Gerry Óg anois. (Alt 2)

*Téann sé ar fud an domhain ag múineadh do choimeádaithe zú faoin aire is fearr a oireann do na heilifintí / múineann sé faoi na saghsanna clóis ba chóir a thógáil do eilifintí / Déanann sé cinnte go bhfaigheann eilifintí aire an-mhaith ionas go mbeidh siad chomh sona agus chomh sábháilte agus is féidir.* **= 7 marc**

**(d)** Tabhair sampla **amháin** den aire speisialta is gá a thabhairt d'eilifintí sa zú. (Alt 2)

*Bíonn aire speisialta le tabhairt dá gcuid cos / tá sé tábhachtach urlár gainimh a choinneáil fúthu sa chlós.* **= 7 marc**

**(e)** Tabhair **dhá** phointe eolais a thaispeánann go raibh an-ghrá ag Gerry Mór Creighton do na hainmhithe. (Alt 3)

1: *D'fhan an goraille Grace, sa teach le Gerry Mór Creighton ar feadh bliana.* **= 7 marc**

2: *Bhí cliabhán ag an goraille Grace i seomra luí Gerry Mhóir / ba mhinic a chodail an goraille Grace ar a ucht san oíche / bhí liopard sneachta sa teach aige uair amháin freisin / bhíodh an liopard ag súgradh le peata madra an tí / bhí órang-útan sa teach ar feadh tamaill / chodail an Órang-Útan sa chófra te.* **= 7 marc**

**(f)** Cad a tharla nuair a ligeadh Rusty isteach i gclós na leon de thimpiste? (Alt 4)

*Lig Gerry Mór scréach as i nGaeilge le Rusty / d'imigh an leon ar ais go dtí a theach féin láithreach.* **= 7 marc**

**(g)** Ar mhaith leat féin cuairt a thabhairt ar zú? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

*Ba mhaith / Níor mhaith ...* **= 4 mharc**
*Fáth ar bith ciallmhar* **= 5 mharc**

**Ceist 5** **(40 marc)**

Ainmnigh *úrscéal* nó *dráma* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.
*Ní mór teideal an úrscéil/an dráma sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an úrscéil/an dráma: **= 1 mharc** **Ainm an ú**dair: **= 1 mharc**

**(a)** Tabhair cuntas gairid ar an bpríomhcharachtar san úrscéal/sa dráma. = **12 mharc**

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir ~~~ ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **12 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Luann an t-iarrthóir carachtar agus déanann sé cur síos ar an gcarachtar sin.**<br>• Carachtar luaite / Plé maith ar an gcarachtar / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal / Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **12 -10** |
| **Meán** | • Carachtar luaite nó tagairt do charachtar / Achoimre ar charachtar<br>• Gan mórán tagairtí don charachtar / Iarracht smaointe a fhorbairt<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **9 - 7** |
| **Íseal** | • Iarracht ar charachtar a lua / Iarracht ar achoimre ar charachtar<br>• Iarracht ar achoimre ar an úrscéal / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **6- 3** |

**(b)** An bhfuil tú féin sásta *nó* míshásta leis an bpríomhcharachtar? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Fáth **= 4**

| Forbairt maith ar an bhfáth | Forbairt réasúnta ar an bhfáth | Forbairt lag ar an bhfáth |
|---|---|---|
| **4-3** | **2** | **1** |

**(c)** Déan cur síos ar cheann **amháin** acu seo ón úrscéal/ón dráma:

coimhlint áit/suíomh teachtaireacht téama

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **14 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar cheann <u>amháin</u> as an liosta thuas.**<br>• **Rud amháin luaite + cur síos déanta**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal/dráma<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **14 - 11** |
| **Meán** | • **Iarracht rud amháin a lua + iarracht ar chur síos ar rud amháin**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí loma don úrscéal /dráma<br>• Smaointe laga<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal/dráma<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **10 - 7** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar an úrscéal/an dráma<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach ar charachtar<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **6 - 3** |

**(d)** Déan cur síos ar rud **amháin** deas *agus* rud **amháin** gránna a tharla san úrscéal/sa dráma.

Rud amháin deas **= 3** Rud amháin gránna **= 3**

| Forbairt maith ar an gcúis | Forbairt réasúnta ar an gcúis | Forbairt lag ar an gcúis |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**Ceist 6** **(50 marc)**



(Saoire sa Ghaeltacht *nó* thar lear)



(Picnic le cairde *nó* lá le cairde)

Scríobh blag faoi cheann **amháin** díobh seo thuas. Pléigh na pointí seo a leanas i do bhlag:

- **dhá** phointe faoin áit
- **dhá** phointe faoi na daoine
- eachtra **amháin** a tharla
- pointe **amháin** eile.

**N.B: (Taispeáin tic do gach pointe agus ~~~ mar is cóir)**

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **50 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir blag bunaithe ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 5/6 phointe forbartha go maith<br>• Tuiscint mhaith ar sainréim teanga áititheach<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | **50 - 44** |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe réasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3/6 phointe<br>• Teanga atá saghas ábhartha don tasc<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) in úsáid ar chaighdeán réasúnta. | **43 - 25** |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1/6 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán íseal<br>• Stór focal theoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnach. | **24 - 5** |

**Ceist 7** **(10 marc)**

**(a)** Léigh an t-alt thíos. Feicfidh tú go bhfuil bearnaí sa téacs. Líon na bearnaí leis an bhfocal as an liosta thíos is dóigh leat atá ceart. Bí cúramach, tá **dhá** fhocal ann nach bhfuil le húsáid ar chor ar bith. Tá **(1)** déanta mar shampla duit.

## Taylor Swift–réalta ollmhór cheoil

Is **amhránaí** (1) agus giotáraí í Taylor Swift. Rugadh Taylor Swift i Meiriceá i mí na **Nollag** √ (2) 1989. Tá deartháir amháin **aici** √ (3). Is breá le déagóirí **agus** √ (4) le daoine fásta a cuid ceoil. Beidh **ceolchoirmeacha** √ (5) ag Taylor Swift in Éirinn in 2024. Tá os cionn 114 milliún albam **díolta** √ (6) aici ar fud an domhain.



| | | | |
|---|---|---|---|
| **aici** | **Nollag** | **agus** | **Éirinn** |
| **sí** | ~~**amhránaí**~~ | **díolta** | **ceolchoirmeacha** |

**√ X 2 = 10 marc**

**Ceist 8** **(25 marc)**

Ainmnigh *gearrscéal* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an ghearrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an ghearrscéil: **= 1 mharc** Ainm an údair: **= 1 mharc**

**(a)** Déan cur síos ar eachtra **amháin** sa ghearrscéal.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir 〰〰 ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **15 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar eachtra sa ghearrscéal.**<br>• Plé maith ar eachtra ghearrscéal<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don ghearrscéal<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | **15 - 12** |
| **Meán** | • Achoimre ar eachtra sa ghearrscéal<br>• Plé réasúnta ar eachtra sa ghearrscéal<br>• Insint lom ar an ngearrscéal<br>• Beagán tuiscint le sonrú<br>• Gan mórán tagairt don ghearrscéal<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **11 - 8** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar eachtra sa ghearrscéal<br>• Cur síos lag ar an ngearrscéal<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **7 - 4** |

**(b)** Ar thaitin críoch an ghearrscéil leat féin? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Cúis **= 6**

| Forbairt maith le fáth an mhairc | Forbairt réasúnta le fáth an mhairc | Forbairt lag le fáth an mhairc |
|---|---|---|
| **6 -5** | **4 - 3** | **2 - 1** |

**Ceist 9** **(10 marc)**

**(a)** Tá trí fhocal i gcló trom i ngach ceann de na habairtí thíos. Tá ceann **amháin** de na focail sin ceart. Cuir ciorcal timpeall an fhocail **amháin** sin is dóigh leat atá ceart. Tá **(1)** déanta mar shampla duit.







## Cúla4 – cainéal Gaeilge don ghlúin óg

**(1)** Tá Cúla4, an chéad chainéal neamhspleách Gaeilge do dhaoine **óg / óga / óige**, ar an aer ó 2023.

**(2)** Craoltar Cúla4 ó cheanncháras TG4 i **Gaeltacht / Ghaeltacht / nGaeltacht** Chonamara.

**(3)** **Bíonn / Bí / Bheadh** Cúla4 i mbun craolacháin ar feadh 14 uair an chloig gach lá.

**(4)** Óna sé a **chlog / chloig / clog** ar maidin go dtí a hocht a chlog tráthnóna a bhíonn Cúla4 ar an aer.

**(5)** Feiceann daoine óga daoine óga eile ag **labhair / labhairt / labhraíodh** na Gaeilge ar an scáileán.

**(6)** Chomh maith le **chlár / clár / cláir** iontacha, thaitneamhacha agus shiamsúla, tá seirbhís nuachta do dhaoine óga ar Cúla4 freisin.

**√ X 1 = 5 mharc**

**(b)** Cén cainéal teilifíse *nó* cainéal ó mheán ar bith eile is fearr leat féin? Tabhair fáth amháin le do rogha.

Cainéal **= 2**
Fáth **= 3**

| Cur síos maith ar an bhfáth | Cur síos réasúnta ar an bhfáth | Cur síos lag ar an bhfáth |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**Ceist 10** **(25 marc)**

Roghnaigh *dán/amhrán* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an dáin/an amhráin sin agus ainm an té a chum a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an dáin/an amhráin: **1 marc** Ainm an duine a chum: **1 marc**

**(a)** Déan cur síos gairid ar théama an dáin/an amhráin.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tick agus cuir ~~~ ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **16 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar théama.**<br>• téama luaite / cur síos maith ar an téama / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don dán/amhrán / Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **16 - 14** |
| **Meán** | • Téama luaite nó tagairt do théama / Achoimre ar an téama<br>• Gan mórán tagairtí don dán/amhrán / Iarracht smaointe a fhorbairt<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **13 - 10** |
| **Íseal** | • Iarracht ar théama a lua / Iarracht ar achoimre ar an téama<br>• Iarracht ar achoimre ar an dán/amhrán / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **9 - 4** |

**(b)** An dóigh leat féin go bhfuil teideal maith *nó* oiriúnach ar an dán/ar an amhrán? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Cur síos **= 5**

| Forbairt maith ar an gcur síos | Forbairt réasúnta ar an gcur síos | Forbairt lag ar an gcur síos |
|---|---|---|
| **5 -4** | **3** | **2 - 1** |

**Aguisín 1**

## SOCRUITHE RÉASÚNTA – Scéim Mhodhnaithe

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as Gaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc don Ghaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

**Níor chóir duit** líne a chur faoi bhotúin litriú, faoi bhotúin phoncaíochta ná faoi bhotúin ghramadaí.

**N.B.** Cuir siombail anótáilte **SMM** ar leathanach a haon an fhreagarleabhair.

### Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta (Modhnaithe)

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir ar seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a fiafraíodh dó/di a fhreagairt?

**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta?

**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?

**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar fhreagra scríofa, ailt, camóga a úsáid srl.

**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann, an bhfuil botúin ghramadaí ann. Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga?

**Sainréim teanga**: - An iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / tuin / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.

**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú, cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú?

**Ceist 1:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 2:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 3:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 4:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 5** **(40 marc)**

Ainmnigh *úrscéal* nó *dráma* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.
*Ní mór teideal an úrscéil/an dráma sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an úrscéil/an dráma: **= 1 mharc** **Ainm an ú**dair: **= 1 mharc**

**(b)** Tabhair cuntas gairid ar an bpríomhcharachtar san úrscéal/sa dráma. = **12 mharc**

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir ~~~ ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **12 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Luann an t-iarrthóir carachtar agus déanann sé cur síos ar an gcarachtar sin.**<br>• Carachtar luaite / Plé maith ar an gcarachtar / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal / Smaointe forbartha go maith. | **12 -10** |
| **Meán** | • Carachtar luaite nó tagairt do charachtar / Achoimre ar charachtar<br>• Gan mórán tagairtí don charachtar / Iarracht smaointe a fhorbairt. | **9 - 7** |
| **Íseal** | • Iarracht ar charachtar a lua / Iarracht ar achoimre ar charachtar<br>• Iarracht ar achoimre ar an úrscéal / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach. | **6- 3** |

**(b)** An bhfuil tú féin sásta *nó* míshásta leis an bpríomhcharachtar? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Fáth **= 4**

| Forbairt maith ar an bhfáth | Forbairt réasúnta ar an bhfáth | Forbairt lag ar an bhfáth |
|---|---|---|
| **4-3** | **2** | **1** |

**(c)** Déan cur síos ar cheann **amháin** acu seo ón úrscéal/ón dráma:

coimhlint áit/suíomh teachtaireacht téama

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **14 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar cheann <u>amháin</u> as an liosta thuas.**<br>• **Rud amháin luaite + cur síos déanta**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal/dráma<br>• Smaointe forbartha go maith. | **14 - 11** |
| **Meán** | • **Iarracht rud amháin a lua + iarracht ar chur síos ar rud amháin**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí loma don úrscéal /dráma<br>• Smaointe laga<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal/dráma. | **10 - 7** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar an úrscéal/an dráma<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach ar charachtar. | **6 - 3** |

**(d)** Déan cur síos ar rud **amháin** deas *agus* rud **amháin** gránna a tharla san úrscéal/sa dráma.

Rud amháin deas **= 3** Rud amháin gránna **= 3**

| Forbairt maith ar an gcúis | Forbairt réasúnta ar an gcúis | Forbairt lag ar an gcúis |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**Ceist 6** **(50 marc)**



(Saoire sa Ghaeltacht *nó* thar lear)



(Picnic le cairde *nó* lá le cairde)

Scríobh blag faoi cheann **amháin** díobh seo thuas. Pléigh na pointí seo a leanas i do bhlag:

- **dhá** phointe faoin áit
- **dhá** phointe faoi na daoine
- eachtra **amháin** a tharla
- pointe **amháin** eile.

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **50 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir blag bunaithe ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 5/6 phointe forbartha go maith<br>• Tuiscint mhaith ar sainréim teanga áititheach<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith. | **50 - 44** |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe reasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3/6 phointe<br>• Teanga atá saghas ábhartha don tasc<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas. | **43 - 25** |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1/6 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste<br>• Stór focal theoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnach. | **24 - 10** |

**Ceist 7: (a)** Mar an gcéanna leis an gnáth scéim.

**Ceist 8** **(25 marc)**

Ainmnigh *gearrscéal* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an ghearrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an ghearrscéil: **= 1 mharc** Ainm an údair: **= 1 mharc**

**(a)** Déan cur síos ar eachtra **amháin** sa ghearrscéal.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir 〰〰 ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **15 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar eachtra sa ghearrscéal.**<br>• Plé maith ar eachtra ghearrscéal<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don ghearrscéal<br>• Smaointe forbartha go maith. | **15 - 12** |
| **Meán** | • Achoimre ar eachtra sa ghearrscéal<br>• Plé réasúnta ar eachtra sa ghearrscéal<br>• Insint lom ar an ngearrscéal<br>• Beagán tuiscint le sonrú<br>• Gan mórán tagairt don ghearrscéal. | **11 - 8** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar eachtra sa ghearrscéal<br>• Cur síos lag ar an ngearrscéal<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach. | **7 - 4** |

**(b)** Ar thaitin críoch an ghearrscéil leat féin? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Cúis **= 6**

| Forbairt maith le fáth an mhairc | Forbairt réasúnta le fáth an mhairc | Forbairt lag le fáth an mhairc |
|---|---|---|
| **6 -5** | **4 - 3** | **2 - 1** |

**Ceist 9:**

**(a)** Mar an gcéanna leis an ngnáth Scéim Mharcála.

**(b)** Luaigh an scannán Gaeilge *nó* Béarla is fearr leat féin. Tabhair fáth **amháin** le do rogha.

Scannán **= 2**
Fáth **= 3**

| Cur síos maith ar an bhfáth | Cur síos réasúnta ar an bhfáth | Cur síos lag ar an bhfáth |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**Ceist 10** **(25 marc)**

Roghnaigh *dán/amhrán* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an dáin/an amhráin sin agus ainm an duine a chum a scríobh síos go cruinn.*

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an dáin/an amhráin: **1 marc** Ainm an duine a chum: **1 marc**

**(a)** Déan cur síos gairid ar théama an dáin/an amhráin.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tick agus cuir ~~~~ ______ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **16 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar théama.**<br>• téama luaite / cur síos maith ar an téama / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don dán/amhrán / Smaointe forbartha go maith. | **16 - 14** |
| **Meán** | • Téama luaite nó tagairt do théama / Achoimre ar an téama<br>• Gan mórán tagairtí don dán/amhrán / Iarracht smaointe a fhorbairt. | **13 - 10** |
| **Íseal** | • Iarracht ar théama a lua / Iarracht ar achoimre ar an téama<br>• Iarracht ar achoimre ar an dán/amhrán / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach. | **9 - 4** |

**(b)** An dóigh leat féin go bhfuil teideal maith *nó* oiriúnach ar an dán/ar an amhrán? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

Freagra **= 2** Cur síos **= 5**

| Forbairt maith ar an gcur síos | Forbairt réasúnta ar an gcur síos | Forbairt lag ar an gcur síos |
|---|---|---|
| **5 -4** | **3** | **2 - 1** |

## Aguisín 2

**Cuirtear marc coigeartaithe i bhfeidhm ar iarracht an iarrthóra i gceist 5, i gceist 8 agus i gceist 10.**

**(1)** Ábhar dualgais don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach.
Tá na téacsanna dualgais do 2023 leagtha síos in Imlitir 0036/2018. Má tá aon amhras ar an scrúdaitheoir faoi bhailíocht na dtéacsanna sna hiarrachtaí, sna ceisteanna thíos, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach faoi sin. Má baineadh úsáid as téacsanna nach bhfuil luaite mar ábhar dualgais i gCeist 5, i gCeist 8 agus i gCeist 10 ba chóir marc iomlán an iarrthóra sa cheist/sna ceisteanna sin a laghdú (-50%).

**(2)** Má tharlaíonn gur úsáid an t-iarrthóir an seánra mícheart i gCeist 5, i gCeist 8 agus i gCeist 10 ba chóir marc iomlán an iarrthóra sa cheist/sna ceisteanna sin a laghdú (-50%).

**N.B.** Déan an ríomh ar pháipéar le do thoil agus cuir isteach an marc ceart / coigeartaithe ar RM Assessor.

## Téacs don Chluastuiscint

### Ceist 1

Máire Ní Mhurchú an t-ainm atá ormsa agus is tréidlia mé. Tá clinic agam d'ainmhithe beaga sna Rosa i gContae Dhún na nGall. Is aoibhinn liom mo chuid oibre. Tugann daoine a gcuid peataí chugam nuair a bhíonn siad tinn nó nuair a bhíonn vacsaín le tabhairt dóibh. Madraí, cait, hamstair, éin agus coiníní is mó a fheicim anseo sa chlinic. Anois is arís bíonn obráidí le déanamh ar ainmhithe má bhíonn siad an-tinn nó má tharlaíonn timpiste dóibh. Uaireanta bíonn siad le coinneáil sa chlinic agus cabhraíonn na haltraí liom aire a thabhairt dóibh. Ligimid abhaile iad nuair a thagann biseach orthu.

### Ceist 2

Seo fógra ón nGarda Síochána. Tá na gardaí ag iarraidh stop a chur le gadaíocht i dTrá Lí i gContae Chiarraí. Bhris gadaithe isteach i dteach ar Bhóthar na Farraige oíche Dé Aoine seo caite. Goideadh airgead, uaireadóirí, ríomhairí agus teilifíseáin ón teach. Is cosúil nach raibh glas ar dhoras cúil an tí agus go raibh na buirgléirí in ann siúl isteach sa teach gan aon stró! Moltar don phobal glas a chur ar na fuinneoga agus ar na doirse sula dtéann siad a chodladh san oíche agus sula n-imíonn siad as an teach sa lá. Moltar earraí luachmhara a choimeád as radharc an t-am go léir. Moltar freisin aláram a chur ar an teach más féidir.

### Ceist 3

**Mír 1**

| | |
|---|---|
| **Mamaí** | A Liam! Cad chuige a bhfuil tú sa leaba fós? Tá sé leathuair tar éis a hocht! |
| **Liam** | Á, a mhamaí … bhí an-droch-oíche agam aréir! Tá pian i mo bholg agus i mo cheann. Agus ó sea … i mo scornach freisin. Ar éigean atá mé ábalta bogadh ná caint … Áaaaa! |
| **Mamaí** | Pian? I do bholg, a deir tú? |
| **Liam** | Sea agus ná dearmad mo cheann agus mo scornach! Agus … agus … bhí mé ag caitheamh amach an oíche ar fad freisin! |
| **Mamaí** | Tá sé sin an-aisteach, a Liam. Bhí cuma bhreá shláintiúil ort nuair a chuaigh tú a luí aréir. |
| **Liam** | Chuaigh mé féin agus Seán go bialann inné. Seans gur ith mé an iomarca sceallóg nó uachtar reoite nó…nó… rud éigin, a mhamaí. |
| **Mamaí** | Nach tú an créatúr bocht a d'ith '*an iomarca sceallóg agus uachtar reoite*', a Liam. |
| **Liam** | Ó, tá mé marbh ag na pianta, a mhamaí! |

### Mír 2

| | |
|---|---|
| **Mamaí** | Bhuel, a Liam, tá réiteach an-simplí agamsa ar an scéal seo … |
| **Liam** | Fanacht sa leaba agus gan dul ar scoil inniu? |
| **Mamaí** | Ní hea, ach éirí as an leaba, a chleasaí cliste! Is maith atá a fhios agam nach bhfuil pian ná tinneas de chineál ar bith ort! |
| **Liam** | Ach, a mhamaí! |
| **Mamaí** | Cuir ort do chulaith scoile anois díreach, a Liam! Tá do mhála scoile ag fanacht leat ag an doras tosaigh. |
| **Liam** | Ach … ach… ní fiú dul isteach don chéad rang. Féach an t-am! Tá sé ródhéanach anois! |
| **Mamaí** | Beidh tú díreach in am mar tabharfaidh mise ann sa charr thú! Agus a rascail, sheiceáil mé dialann na scoile freisin. Beidh tú díreach in am don scrúdú Mata ar a naoi a chlog! |
| **Liam** | Áaaa! Nach ormsa atá an mí-ádh! Cad is gá do dhuine a dhéanamh le sos a fháil na laethanta seo? |